Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Lúnasa 2022**
**(OR. en)**

**11866/22**

**STATIS 35**
**SOC 468**
**EMPL 310**
**DELACT 135**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 5335 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 1.8.2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir le fearann úsáid staidreamh na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide le haghaidh na bliana tagartha 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 5335 final.

Faoi iamh: C(2022) 5335 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.8.2022
C(2022) 5335 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 1.8.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir le fearann úsáid staidreamh na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide le haghaidh na bliana tagartha 2023**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

De réir Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí[1], tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sonraítear líon agus teideal na n-athróg maidir leis na tacair sonraí éagsúla. Agus an gníomh tarmligthe á ghlacadh aige, ní rachaidh líon na n- athróg thar 5 % os cionn líon na n- athróg i ngach fearann a bhí á éileamh cheana féin ag an gCoimisiún (Eurostat) ar bhonn éigeantach, an 3 Samhain 2019.

Leis an Rialachán Tarmligthe seo cumhdaítear líon agus teideal na n-athróg maidir leis an tacar sonraí i bhfearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide le haghaidh na bliana tagartha 2023.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí mar chuid d'ullmhú an ghnímh tharmligthe seo.

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe náisiúnta ar tugadh cuireadh dóibh freastal ar chruinnithe saineolaithe chun an dréachtghníomh tarmligthe a phlé. Is ag an gcruinniú a bhí ag an ngrúpa saineolaithe 'Staidreamh na Sochaí Faisnéise' a tionóladh an 10-11 Feabhra 2022 a rinneadh an comhairliúchán.

Ar deireadh, chuathas i gcomhairle freisin leis an nGrúpa Saineolaithe 'Institiúidí Staidrimh Náisiúnta an Chórais Staidrimh Eorpaigh' agus cuireadh Parlaimint na hEorpa mar aon leis an gComhairle ar an eolas go cuí.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir don Rialachán Tarmligthe seo líon agus teidil na n-athróg a ghlacadh maidir leis an tacar sonraí i bhfearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide le haghaidh na bliana tagartha 2023, de réir Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1700.

Is iad na hathróga a bailíodh agus iad sin amháin a dhéanann difear don ualach. Leis an méadú ar líon na n-athróg a bailíodh comhlíontar ceanglas Airteagal 6(2). Go háirithe, ní théann líon na n-athróg thar 5 % os cionn líon na n-athróg i bhfearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhí á éileamh cheana féin ag an gCoimisiún (Eurostat) ar bhonn éigeantach, tráth theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1700.

Níl aon impleacht ag an ngníomh tarmligthe ar bhuiséad an Aontais.

Baineann an gníomh tarmligthe le hábhar a bhaineann leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus ba cheart, dá bhrí sin, go gcuimseodh a chur i bhfeidhm an LEE.

[1] IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 1.8.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir le fearann úsáid staidreamh na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide le haghaidh na bliana tagartha 2023**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun na riachtanais maidir le staidreamh a chumhdach maidir leis na topaicí mionsonraithe ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1700, ba cheart don Choimisiún líon agus teidil na n-athróg a shonrú maidir leis an tacar sonraí i bhfearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide le haghaidh na bliana tagartha 2023.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a bheidh líon agus teidil na n-athróg i bhfearann úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide le haghaidh na bliana tagartha 2023.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[2] IO L 261 I, 14.10.2019, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1.8.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*